2025/1196

19.6.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1196 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Meitheamh 2025

lena gcuirtear ar ceal an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Nordkalk Filtra G' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2400 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 49 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Meán Fómhair 2024 deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2400 ón gCoimisiún ([2]) údarú Aontais ag a raibh an uimhir údaraithe EU-0029371-0000 do shealbhóir an údaraithe Nordkalk AB chun an táirge bithicídeach aonair céanna 'Nordkalk Filtra G' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 44(5) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(2) An 5 Feabhra 2025 chuir Nordkalk AB iarraidh faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') maidir leis an údarú Aontais sin a chur ar ceal i gcomhréir le hAirteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarraidh faoi chás-uimhir BC-CW103987-10 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(3) An 19 Márta 2025 chuir an Ghníomhaireacht an iarraidh ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(4) An 2 Aibreán 2025 chuir Nordkalk AB réasúnú ar an iarraidh ar chealú isteach inar luaigh sé go raibh cinneadh déanta aige deireadh a chur le táirgeadh 'Nordkalk Filtra G' ar bhonn breithnithe tráchtála.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Nordkalk Filtra G' a chur ar ceal arna iarraidh sin do shealbhóir an údaraithe agus, dá réir sin, Rialachán (AE) 2024/2400 a aisghairm.

(6) Is iomchuí freisin tréimhse chairde a dheonú chun na stoic atá ann cheana a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2400 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2024 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil Nordkalk Filtra G i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/2400, 13.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2400/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear ar ceal an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Nordkalk Filtra G' a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2400 do Nordkalk AB agus a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0029371-0000 aige.

Airteagal 2

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2400.

Airteagal 3

Ní chuirfear an táirge bithicídeach 'Nordkalk Filtra G' ar fáil ar an margadh a thuilleadh ón 5 Eanáir 2026 agus ní úsáidfear a thuilleadh stoic atá ann cheana den táirge bithicídeach sin ón 4 Iúil 2026.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN